Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch

31 Nollaig 2012

CLÁR

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Ráitis Airgeadais	3
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	4
Ráiteas ar Chúraimí an Choimisinéara Teanga	5
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	6
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse 1 Eanáir 2012 go dtí 31 Nollaig 2012	7
Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012	8
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	9

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoin dara Alt den Acht, agus de réir chaighdeán cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Freagrachtaí an Choimisinéara

Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíochta agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

Scóip Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Choimisinéara Teanga, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shíl leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a ndéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Chleachtas Cuntasaíochta a Ghlactar go Ginearálta leis in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2012.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánaigh comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Lúnasa 2013

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Oifig bheag in aonad amháin is ea Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá naíonúr ball foirne ceadaithe don Oifig, ar a n-áirítear an Coimisinéir Teanga agus ochtar státseirbhíseach. Bhí dhá fholúntas foirne ann ag deireadh na bliana 2012. Is ormsa, mar Choimisinéir Teanga, a thiteann an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach in áit agus á chur i bhfeidhm maidir le rialú inmheánach.

Ní féidir leis an gcóras sin ach cinnteacht réasúnta, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go bhfuil bearta údaraithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go bhfuil bac ar bhotúin thábhachtacha nó mírialtachtaí, nó go dtabharfaí faoi ndeara iad in am cuí.

Tá bearta curtha i gcrích agam féin agus ag foireann na hOifige le cinntiú go bhfuil córas éifeachtach i bhfeidhm, trí chóras um rialú inmheánach a chruthú agus é bunaithe ar eolas a chur ar fáil don lucht bainistíochta, modhanna riaracháin a fhorbairt, ar a n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta.

San áireamh anseo tá:

- Measatacháin bhliantúla agus ráithiúla ina leagtar síos an soláthar atá de dhíth don tréimhse amach romhainn.
- Tuairisciú rialta chuig an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta, ag tabhairt an chaiteachais go dáta nuair atáthar ag lorg aistriú chuig ár gcuntas reatha bainc. Déantar comparáid ag an am seo idir an caiteachas measta agus an caiteachas iarbhír.

Tá cuntasóir cairte ag cur seirbhís iniúchta inmheánaigh ar fáil ar bhonn conartha. Rinneadh iniúchadh inmheánach le linn na bliana 2012. Tá Coiste Iniúchta ag feidhmiú chomh maith, ar a bhfuil Stiúrthóir na hOifige, mar aon le beirt bhall sheachtracha.

Dearbhaím go ndearna mé athbhreithniú ar chóras na hOifige um rialú inmheánach airgeadais le linn na bliana 2012.

Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Ráiteas ar Chúraimí an Choimisinéara Teanga

Bunaíodh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Faoi mhír 8(1) den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá dualgas ar an gCoimisinéir Teanga na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé nó sí, agus na cuntais speisialta sin go léir (más ann) a ordóidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire.

In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní mór don Choimisinéir Teanga:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin i gcás go bhfuil sé neamhoiriúnach é sin a dhéanamh;
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá freagracht ar an gCoimisinéir Teanga na leabhair chuí chuntasaíochta a choinneáil, a chuireann in iúl le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na hOifige. Tá freagracht ar an gCoimisinéir Teanga chomh maith na sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a chur i gcrích le mírialtachtaí agus calaois a chosc agus a bhrath.

21.08.2013

Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Dáta

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

1. **Tréimhse Chuntasaíochta**
   Bunaíodh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Cheap an tUachtarán an Coimisinéir Teanga ar an 23 Feabhra 2004 agus athcheapadh don dara téarma é ar an 23 Feabhra 2010. An tréimhse ó 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012 atá san áireamh sna cuntais seo.

2. **Bunús Cuntasaíochta**
   Ullmhaítear na ráitis airgeadais seo faoi mhodh fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a shonraítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coiteann leo faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Feidhmítear Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

3. **Deontais ón Oireachtas**
   Ar bhonn fáltais airgid thirim a áirítear iad seo.

   Is éard atá i nDeontais ón Oireachtas ciste atá curtha ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla trí Vóta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar seo a leanas:

   - Deontas as a n-íocann an Coimisinéir Teanga aon dliteanas, agus
   - Trí íocaíocht dhíreach tuarastal áirithe agus costais riaracháin áirithe ag an Roinn.

4. **Pinsin**
   Bunaíodh scéim sochair shainithe don Choimisinéir Teanga sa bhliain 2009 i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Coinníonn an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear ó thuarastal an Choimisinéara Teanga. Is faoin Roinn atá sé dliteanais faoin scéim a íoc.

   Is státseirbhísigh iad comhaltaí foirne Oifig an Choimisinéara Teanga agus is baill iad de scéim aoisliúntais na státseirbhíse a bhfuil riaradh ar leithligh á dhéanamh uirthi. Coinníonn an Roinn na hasbhaintí pinsin faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus íoctar leis an Státchiste iad. Nochtar tuarastail agus liúntais agus iad glan ar na ranníocaíochtaí pinsin sin.

5. **Sócmhainní Seasta agus Dímheas**
   Léirítear na sócmhainní seasta ar bhonn costais stairiúil lúide dímheas carnach. Ríomhtar dímheas de réir méid cothrom, ag na rátaí seo a leanas:-

Troscán, Fearais agus Feisteas	10%
Ríomhairí agus Trealamh Oifige	20%

6. **Cuntas Caipitil**
   Léiríonn an Cuntas Caipitil an chuid sin den ioncam atá gan amúchadh a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach.

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €	2011 €
Ioncaim			
Deontas ón Oireachtas	1	606,784	629,285
Comhairgeadú Tionscnamh Scoile	6	0	25,000
Aistriú ó / (chuig) Cuntas Caipitil	3	18,135	24,942
		624,919	679,227
Caiteachas			
Tuarastal agus Liúntais	4	448,653	456,868
Costais Taistil		12,280	11,418
Dímheas	2	22,574	25,952
Stáiseanóireacht		2,160	3,155
Postas & Guthán		10,207	9,799
Teas, Solas & Cíos	5	91,489	92,019
Táillí Proifisiúnta & Dlí		7,801	1,664
Iniúchadh		4,735	4,797
Fógraíocht		3,005	1,594
Foilseacháin, Imeachtaí & Poiblíocht		16,230	62,490
Ilghnéitheach		8,704	6,308
		627,838	676,064
Farasbarr / (Easnamh) don bhliain dar chríoch 31 Nollaig		**(2,919)**	**3,163**
Iarmhéid ag 1 Eanáir		18,219	15,056
Iarmhéid ag 31 Nollaig		15,300	18,219

Níl aon ghnóthachain ná caillteanas aitheanta nach bhfuil san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 – 7.

An Coimisinéir Teanga:

Dáta: 21.08.2013

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €	2011 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	2	40,417	58,552
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Banc		5,831	7,529
Réamhíocaíochtaí		17,528	18,949
		23,359	26,478
DLITEANAS REATHA			
Fabhruithe		(7,477)	(7,677)
Creidiúnaithe		(582)	(582)
		(8,059)	(8,259)
Glansócmhainní Reatha		15,300	18,219
IOMLÁN SÓCMHAINNÍ		55,717	76,771
Léirithe ag:			
Cuntas Caipitil	3	40,417	58,552
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		15,300	18,219
		55,717	76,771

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 – 7.

An Coimisinéir Teanga:

Dáta: 21.08.2013

Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Deontas ón Oireachtas

Chuir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an maoiniú seo a leanas ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla le linn na tréimhse:

	2012	2011
	€	€
Deontas d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla	146,000	161,000
Íocaíochtaí a rinneadh thar ceann Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla	460,784	468,285
	606,784	629,285

2. Sócmhainní Seasta

	Fearais & Feisteas	Trealamh Oifige & Ríomhairí	Iomlán
	€	€	€
Costas			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012	158,560	124,752	283,312
Breiseanna i rith 2012	0	4,439	4,439
Diúscairt i rith 2012	0	(10,146)	(10,146)
Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig 2012	158,560	119,045	277,605
Dímheas			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2012	112,091	112,669	224,760
Muirear 2012	15,856	6,718	22,574
Diúscairt i rith 2012	0	(10,146)	(10,146)
Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig 2012	127,947	109,241	237,188
Glanluach leabhar			
Glanluach leabhar ag 31 Nollaig 2012	30,613	9,804	40,417
Glanluach leabhar ag 31 Nollaig 2011	46,469	12,083	58,552

3. Cuntas Caipitil

	2012	2011
	€	€
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Cistí a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a cheannach	4,439	1,010
Díluacháil de réir dímheas sócmhainní	(22,574)	(25,952)
	(18,135)	**(24,942)**
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir	**58,552**	**83,494**
Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig	**40,417**	**58,552**

4. Tuarastal agus Liúntais

Tá costais párolla comhdhéanta de:

	2012	2011
	€	€
Tuarastal an Choimisinéara	127,148	127,150
Tuarastal na foirne	293,376	303,338
ÁSPC an fhostóra	28,129	26,380
	448,653	456,868

Mar atá nótáilte sa ráiteas ar pholasaí cuntasaíochta um pinsin, tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe don Choimisinéir Teanga. Ní théann teidlíocht an Choimisinéara Teanga thar na teidlíochtaí caighdeánacha a bhaineann leis an scéim chaighdeánach aoisliúntas pinsin le sochar sainithe de chuid na státseirbhíse.

Baineadh suim €31,019 den fhoireann tríd an tobhach pinsin agus íocadh é sin leis an Státchiste.

5. Teas, Cíos agus Solas

Tá Oifig an Choimisinéara Teanga suite ar An Spidéal in oifigí atá curtha ar fáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar chostas bliantúil cíosa €56,556.

6. Comhairgeadú Tionscnamh Scoile

Le linn na bliana 2011, d'fhorbair Oifig an Choimisinéara Teanga acmhainn oideachais ar chearta teanga mar chuid de chúrsa an Teastais Shóisearaigh san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP). Forbraíodh an acmhainn ilmheáin oideachais seo le tacaíocht an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Sraith de cheachtanna scoile agus tionscadail dhátheangacha atá san acmhainn oideachais ilmheáin seo, le leabhrán do mhúinteoirí, póstaeir, cártaí oibre, CD Rom, DVD de ghearrthóga físe, agus acmhainní ar líne. Dáileadh dhá chóip den achmainn seo ar gach scoil dara leibhéal sa tír.

Tá an caiteachas tionscnaimh seo a leanas léirithe i gcostais chomparáideach 2011:

	€
Táirgeadh agus priontáil	29,395
Táirgeadh DVD	11,880
Dáileachán	4,200
Eile	3,135
Iomlán	**48,610**

Bhí an tionscnamh maoinithe le tacaíocht airgid €25,000 ó COGG agus mhaoinigh Oifig an Choimisinéara Teanga an fuílleach.

Críochnaíodh an tionscnamh sa bhliain 2011 agus ní raibh aon ioncaim nó caiteachas i gceist i 2012.

7. Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí

Faoi réir mholtaí de chuid an Rialtais tá an Oifig le cónascadh le hOifig an Ombudsman. Chuige seo, theastódh leasuithe reachtúla nach bhfuil dréachtaithe fós. Níl aon chinneadh déanta um an dtaca seo faoin mbealach a ndéanfar tuairisciú ar shócmhainní agus ar dhliteanais na hOifige faoin gcónascadh molta. Meastar gur cuí na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.